

World Theatre Day Message 2015

Teachtaireacht Lá Domhanda na hAmharclannaíochta 2015

Faightear fíor-mháistrí na hamharclannaíochta go héasca i bhfad ón stáitse. Go hiondúil ní bhíonn aon suim acu san amharclannaíocht mar bhealach chun aithris a dhéanamh ar nósmaireachtaí ná macasamhail a dhéanamh de clichés. Téann siad sa tóir ar an bhfoinse bhíogach, na sruthanna beo a bhfuil an claonadh iontu gan bacadh leis na hallaí léirithe agus na sluaite daoine a bhfuil an claonadh iontu domhan amháin nó eile a chóipeáil. Déanann muid macasamhail ar dhomhain seachas iad a chruthú, domhain a leagan béim ar nó fiú a bhraitheann ar dhíospóireacht le lucht féachana agus ar mhothúcháin a mhéadaíonn faoin dromchla. I ndáiríre níl aon ní eile atá in ann na mianta atá faoi cheilt a nochtadh níos fearr ná an amharclann.

Go minic iompaím féin ar an bprós le haghaidh treoir. Gach aon lá bím ag smaoineamh ar scríbhneoirí a rinne cur síos beagnach céad bliain ó shin go fáidhiúil ach le srianta ar thitim Dhéithe na hEorpa, an clapsholas a thum ár sibhialtacht isteach sa dorchadas, a bhfuil orainn teacht amach as fós. Tá mé ag smaoineamh ar Franz Kafka, Thomas Mann agus Marcel Proust. Inniu chuirfinn John Maxwell Coetzee san áireamh i measc an ghrúpa saoithe sin.

Tá an chiall atá acu ar dheireadh an domhain nach féidir a sheachaint— ní den phláinéad ach an cruth atá ar chaidreamh daonna—agus an t-ord sóisialta agus an suaitheadh, ag luí go maith le cúrsaí dúinn anseo anois díreach. Dúinn a mhairfidh tar éis deireadh an domhain, a mhaireann in éadan na gcoireanna agus na gcoimhlintí a thagann aníos gach lá in áiteanna nua níos tapúla ná mar atá na meáin atá i ngach áit in ann coinneáil suas leo. Faigheann na tinte seo leadránach de réir a chéile agus imíonn siad as amharc na dtuairiscí nuachta, gan filleadh arís go deo. Mothaíonn muid nach féidir linn aon chúnamh a thabhairt, bíonn muid scantraithe agus ag mothú i gcúngach. Níl muid in ann túir a thógáil níos mó, agus ní thugann na ballaí a thógann muid go ceanndána cosaint dúinn ó thada – a mhalairt a bhíonn i gceist, teastaíonn cosaint agus cúram uathu féin a ídíonn páirt mhór d’fhuinneamh ár saol. Níl an neart againn níos mó chun iarracht a dhéanamh pictiúr a fháil de céard atá taobh thiar den gheata, taobh thiar den bhalla. Sin é go díreach an chúis go bhfuil amharclannaíocht ann agus an áit ar chóir di a neart a fháil as. Chun féachaint isteach san áit nach bhfuil cead breathnú ann.

“Déanann an finscéal iarracht míniú a fháil ar an rud domhínithe. Mar gheall go bhfuil sé fite fuaite san fhírinne, ní mór dó críochnú sa rud domhínithe”— is mar seo a rinne Kafka cur síos ar chlaochlú finscéal Prometheus. Creidim go láidir gur cheart na focail chéanna cur síos a dhéanamh ar an amharclann. Is é an cineál sin amharclannaíocht, ceann atá fite fuaite san fhírinne agus amharclannaíocht le críoch domhínithe ba mhaith liom a fheiceáil dá h-oibrithe uile, iadsan ar an stáitse agus iadsan sa lucht féachana agus seo í mian mo chroí.

Krzysztof Warlikowski

Translated by Darach Ó Tuairisg, Co-Founder and Managing Director of Fíbín. Irish Theatre Institute is the Irish Centre of UNESCO International Theatre Institute. Darach Ó Tuairisg is a member of the Irish Advisory Board.